

Comhthéacs Polasaí

1.1.1	Réamhrá	12
1.1.2	Tréimhse an Phlean	12
1.1.3	An Próiseas Athbhreithniúcháin	13
1.1.4	Formáid Phlean nua Forbartha Contae na Mí	17
1.1.5	An Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Náisiúnta	17
1.1.6	An Comhthéacs Réigiúnach	18
1.1.7	Impleachtaí na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	19
1.1.8	TPRanna a Chomhlíonadh	20
1.1.9	Cur Chuige um Pleanáil Straitéiseach	21
1.1.10	Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil	27

1.1.1 Réamhrá

Tá ról na seirbhíse pleanála ardchaighdeáin ina fheidhm ríthábhachtach lárnach don Údarás Áitiúil. Feidhmíonn sé ní hé amháin mar threoir do na riachtanais agus na polasaithe ag an Údarás Pleanála ach mar threoir dóibh siúd atá ag tabhairt faoin bhforbairt, agus cuireann sé an pobal i gcoitinne ar an eolas maidir leis an gcaoi ar dócha a ndéantar na tograí forbartha seo a mheas.

Tá reachtaíocht phleanála ina threoir do struchtúr na seirbhíse seo agus tá dhá phríomhchuid ann:

1. An plean forbartha a leagann síos polasaithe ginearálta agus caighdeáin forbartha, agus;
2. Bainistíocht forbartha atá ina phróiseas tríнар féidir iarratais aonair a mheas i gcomhthéacs pholasaithe an Phlean Forbartha.

Tá ról ríthábhachtach ag an bPlean Forbartha i gcur chun cinn na forbartha agus i rialú na forbartha, agus dá bhrí sin ní mór dó fíс shoiléir a bheith aige don Chontae, san am i láthair agus amach anseo. Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, tá sé de dhualgas ar gach Údarás Pleanála Plean Forbartha a cheapadh gach sé bliana. Is é atá sa Phlean Forbartha ná ráiteas scríofa maille le léarscáileanna a ghabhann leis a thugann léiriú grafach ar na cuspóirí atá sa Phlean. Ní mór do gach Plean Forbartha aird a bheith acu ar pholasaí náisiúnta agus réigiúnach.

Ní mór do gach Plean Forbartha cuspóirí a bheith acu ina leith seo a leanas:

- Críosú na hÚsáide Talún le haghaidh na limistéar seo a leanas: limistéir chónaitheacha, thráchtála, thionsclaíochta, thalmhaíochta, áineasa, spás oscailte, áiseanna pobail nó áiseanna eile, nó meascán de na húsáidí sin;
- Soláthar bonneagair - iompar lena n-áirítear iompar poiblí agus forbairt bóithre / iarnróid a chur chun cinn, fuinneamh, áiseanna cumarsáide, soláthar uisce, tárrtháil dramhaíola, áiseanna diúscartha, seirbhísí fuíolluisce, srl.;
- Caomhnú agus cosaint comhshaoil;
- Struchtúir a chosaint agus carachtar na Limistéar Cosanta Caomhnaithe a chaomhnú;
- Comhtháthú a dhéanamh ar riachtanais shóisialta, phobail, agus chultúrtha le forbairt pleanála agus inbhuanaithe an limistéir;
- Caomhnú ar charachtar an tírdhreacha lena n-áirítear caomhnú ar radhairc agus ar chonláistí na n-áiteanna agus na ngnéithe a bhfuil áillteacht nó spéis ar leith ag baint leo;
- Athnuachan ar limistéir forbartha a bhfuil gá acu le hathghiniúint;
- Cóiríocht a sholáthar don lucht siúil;
- Conláistí agus conláistí áineasa a chaomhnú, a fheabhsú agus cur leo;
- An Treoir maidir le Mórthionóiscí (lonnú na mbunaíochtaí nua, oiriúnú na mbunaíochtaí atá ann cheana féin, forbairt i gcóngarach na mbunaíochtaí);
- Soláthar seirbhísí pobail, lena n-áirítear scoileanna, creiseanna, áiseanna cúraim leanaí agus áiseanna oideachais eile, agus;
- Oidhreacht theangeolaíochta agus chultúrtha na limistéar Gaeltachta a chosaint.

1.1.2 Tréimhse an Phlean

De réir cheanglais an Achta um Pleanáil & Forbairt 2000, arna leasú, beidh an Plean Forbartha Contae seo i bhfeidhm ar feadh sé bliana, chun an tréimhse 2007 - 2013 a chuimsiú, ón uair a ghlactar leis an 2 Márta 2007 agus athbhreithniú le déanamh air ar dháta nach déanaí ná ceithre bliana ón am a ghlactar leis.

1.1.3 An Próiseas Athbhreithniúcháin

Thosaigh an próiseas athbhreithniúcháin ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2001 go hoifigiúil nuair a foilsíodh fógraí san Irish Independent dar dáta 4 Márta 2005 agus san Meath Chronicle dar dáta 5 Márta 2005. Lean an tréimhse athbhreithniúcháin ar feadh dhá bhliain agus bhí gá Plean Forbartha Contae ar glacadh go hiomlán leis a chur ar fáil chun an próiseas a chur i gcrích ar dháta nach déanfaí ná an 3 Márta 2007.

1.1.3.1 Comhairliúcháin Phoiblí Réamh-Dhréachta

Sular ullmhaíodh dréacht den Phlean Forbartha Contae, agus de réir Alt 11 d'Acht 2000, arna leasú, d'ullmhaigh an Roinn Pleanála cáipéis chomhairliúcháin réamh-dhréachta dar teideal 'Preparation of a new County Meath Development Plan - Strategic Issues Paper'. An cuspóir a bhain leis an gcáipéis 'Strategic Issues Paper' ná tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí de bhun cheanglais na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2004. Chinntigh an cháipéis sin, freisin, go mbeadh dóthain eolais ar fáil do dhaoine, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí leasmhara mar bhonn don tús le comhairliúchán réamh-dhréachta.

Bhain na saincheistean a pléadh sa cháipéis 'Strategic Issues Paper' le lonnaitheacht, le hiompar, bonnagar, forbairt eacnamaíochta, miondíol, cúrsaí pobail, turasóireacht, le hoidhreacht tógtha agus nádúrtha, tithíocht tuaithe, cuimsitheacht shóisialta agus le héagsúlacht chultúrtha, le hailtíreacht agus dearadh uirbeach agus le Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaoil.

Foilsíodh fógra rúin Chomhairle Contae na Mí athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae a bhí ann cheana féin i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta. D'fhógair na fógraí rún Chomhairle Contae na Mí tús a chur le hullmhúchán an athbhreithniúcháin ar an bPlean Forbartha Contae reatha. Thosaigh an chéim chomhairliúcháin réamh-dhréachta ar an 9 Márta 2005 agus cuireadh é i gcrích ar an 6 Bealtaine 2005. Thug na fógraí cuireadh freisin do pháirtithe leasmhara nó aon bhall den phobal aighneachtaí / breathnúcháin a chur faoi bhráid na Comhairle.

Chomh maith leis sin, bhí siad seo a leanas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin:

- Litreacha chuig forais fhorordaithe agus chuig soláthraithe seirbhíse;
- Cuireadh fógra ar leathanach gréasáin Chomhairle Contae na Mí, agus;
- Bhí fógraí ar taispeáint i Halla an Chontae, i ngach ceann d'Oifigí Limistéir Chomhairle Contae na Mí, agus i ngach leabharlann bhrainse i gCo. na Mí.

Bhí réamhchomhairliúchán ann freisin leis na príomhsholáthraithe seirbhíse (i.e. soláthraithe fuinnimh, teileachumarsáide, iompair, oideachais, srl.) chun pleananna agus polasaithe a phlé, ar pleananna agus polasaithe iad is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar pholasaí an Phlean Forbartha. Chomh maith leis sin, bhí plé ann le Ranna éagsúla na Comhairle Contae, le Baill Tofa Chomhairle Contae na Mí agus leis an gCoiste um Polasaí Straitéiseach na Pleanála & na Forbartha Eacnamaíche.

1.1.3.2 Freagra ar Chéim an Chomhairliúcháin Réamh-dhréachta

Fuair Chomhairle Contae na Mí 352 aighneacht maidir le hullmhú an Phlean Forbartha Contae nua agus rinneadh iad uile a bhreithniú i dTuarascáil an Bhainisteora de bhun Alt 11 (4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ar an 25 Iúil, 2005.

Tugann an tábla a ghabhann leis seo miondealú ar na haighneachtaí a fuarthas ar bhonn Toghcheantair. Bhain 38% de na haighneachtaí go léir a fuarthas le Limistéar Dhún Seachlainn agus fuarthas tuairim is 15% de na haighneachtaí do na Toghcheantair go léir eile.

Miondealú ar Iomlán na nAighneachtaí a Fuarthas agus a Breithníodh sa Tuarascáil seo

Toghcheantar	Líon na n-aighneachtaí a fuarthas
Dún Seachlainn	134
Ceanannas	65
An Uaimh	36
Baile Átha Troim	63
Sláine	41
Ginearálta - ar fud an Chontae	3
Iomlán	352

Is é a bhí i 303 de na 352 aighneacht ná tograí ag lorg go ndéanfaí criosú nó athchriosú ar thailte do chuspóirí ar leith, agus b'ionann sin agus 86% de na haighneachtaí uile a fuarthas. Ba chúis imní é méid agus scála na n-aighneachtaí ag iarraidh go ndéanfaí criosú ar thailte le haghaidh úsáidí cónaitheacha, cónaitheacha measccha agus tráchtála agus tionsclaíochta / fostaíocht a ghiniúint.

Ba léir ón anailís a rinneadh mar chuid de Thuarascáil an Bhainisteora ar na hAighneachtaí Réamh-dhréachta a cuireadh faoi bhráid na mBall Tofa, gur bhain formhór na n-aighneachtaí maidir leis seo leis na limistéir is mó atá faoi thionchar Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath - is é sin Purláin Dhroichead Átha, Cill Dhéagláin, Ráth Tó, Dún Bóinne, Dún Seachlainn, Cluain Aodha agus an Bóthar Buí, agus iad go léir suite ar na bealaí iompair straitéiseacha nó buailte leo. Bhí scála agus leathadh amach geografach na limistéar ar cuireadh isteach ar iad a chriosú ina saincheisteanna lárnaacha a bhí le breithniú sa Dréacht-Phlean Forbartha.

Bhí measúnú na n-aighneachtaí aonair maidir le criosú na húsáide talún i mbailte agus i sráidbhailte faoi réir na bPleananna Limistéir Áitiúil agus ní faoi réir an Phlean Forbartha Contae. Cuireann an Plean Forbartha Contae ar bun an comhthéacs straitéiseach ina n-ullmhófar na Pleananna Limistéir Áitiúil éagsúla.

D'fhonn achoimre bheacht a thabhairt ar na haighneachtaí saincheist-bhunaithe, rangáíodh na saincheisteanna sin faoi chúpla ceannteideal catagóra. Ar na príomhréimsí arb cúis imní iad bhí an straitéis lonnaitheachta molta, criosú na húsáide talún, forbairt fostaíochta agus eacnamaíochta, bonneagar, oidhreacht tógtha & nádúrtha, cuimsitheacht shóisialta, éagsúlacht chultúrtha agus bonneagar pobail. Tá achoimre iomlán ar na saincheisteanna seo i dTuarascáil an Bhainisteora, agus cuireadh iad san áireamh in ullmhú an Phlean seo.

1.1.3.3 An Dréacht-Phlean Forbartha Contae a Ullmhú

Éilíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, go gcuirfí an Plean Forbartha Contae ar taispeánt ar feadh tréimhse 10 seachtaine ar a laghad, agus go seofaí cóip den Dréacht chuig an Aire, agus chuig na Forais Fhorordaithe go léir, chuig Comhairlí Baile sa limistéar, chuig Boird Forbartha Contae sa limistéar, chuig Údarás Áitiúla thadhhlacha agus go gcuirfí an fógra i nuachtán a bhíonn i gcúrsaíocht sa limistéar. Bhí an Dréacht-Phlean Forbartha ar taispeánt go poiblí ón Aoine 30 Meitheamh go dtí an Aoine 8 Meán Fómhair.

Bhí ceithre ghné ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin:

1. Taispeáint

Bhí an Dréacht-Phlean Forbartha ar taispeáint go poiblí ar feadh deich seachtaine iomlána i Halla an Chontae, san Uaimh agus in Oifigí Limistéir uile Chomhairle Contae na Mí. Cuireadh cóipeanna den Dréacht-Phlean i ngach leabharlann phoiblí sa Chontae. Bhí foireann pleanála ar fáil don tréimhse ar fad, le linn uaireanta oifige, chun an Dréacht-Phlean i Halla an Chontae, san Uaimh, a phlé agus chun comhairle a sholáthar maidir leis an gcaoi le haighneacht a dhéanamh.

2. An Preas agus na Meáin Bheo

Ar an 29 Meitheamh 2006, cuireadh an fógra reachtúil i nuachtán an Irish Independent, mar a éilítear, ag fógairt go raibh tús á chur leis an taispeáint phoiblí ags leis an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ar Dhréacht-Phlean Forbartha Chontae na Mí. Chomh maith leis sin, cuireadh an fógra san Meath Chronicle, dar dáta foilsithe 30 Meitheamh, 2006

Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás Áitiúil sraith fógraí ar an stáisiún raidió áitiúil LMFM ag fógairt gur ullmhaíodh an Dréacht-Phlean Forbartha, gur cuireadh é ar taispeáint agus go raibh an tÚdarás Áitiúil ag lorg aighneachtaí agus breathnúchán maidir leis an gcéanna.

3. Margaíocht Dhíreach

Scríobh an Chomhairle chuig gach Foras Forordaithe ag cur in iúl dóibh go raibh an Dréacht-Phlean anois ar taispeáint agus ag lua dátaí na tréimhse ama ina ndéanfaí aighneachtaí a bhreithniú. Seoladh cóip den Dréacht-Phlean ar DD chuig gach foras forordaithe, agus i bhfoirm chlóite chucu siúd a lorg é.

D'fhostaigh an Chomhairle Cuideachta Margaíochta agus Caidrimh Phoiblí chun bileog eolais a ullmhú dar teideal "Your chance to put ME into Meath". Thug an bhileog eolais achoimre ar na príomh-shaincheistanna agus na príomhpholasaithe a bhí sa Dréacht-Phlean agus é i mbileog A4 fillte ar ais. Dáileadh é seo ar bhreis is 600 grúpa atá ar bhunachar sonraí ghrúpaí pobail na Roinne Pobail & Fiontar. Cuireadh an cháipéis seo i ngach Leabharlann Contae agus in Oifigí na Comhairle, áit a raibh an Plean ar taispeáint.

4. Suíomh Gréasáin

Cuireadh an Dréacht-Phlean, idir léarscáileanna agus théacs, ar an suíomh gréasáin ar an Luan 10 Iúil 2006. Ba mhór an chabhair é go raibh idir léarscáileanna agus théacs ar fáil sa mhéid gur bhain roinnt mhaith de na fiosrúcháin a fuair an Chomhairle maidir leis an Dréacht-Phlean ar an nguthán le daoine a bhí tar éis amharc ar an Dréacht-Phlean ar an ngréasán.

Fuarthas 543 aighneacht scríofa le linn na tréimhse comhairliúcháin. Ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leo siúd uile a chuir aighneachtaí faoina bráid. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-aighneachtaí a fuarthas ag an gcéim réamh-dhréachta den chomhairliúchán phoiblí maidir leis an Dréacht, mar a bhfuarthas 352 aighneacht scríofa. Is féidir na 543 aighneacht scríofa a mhiondealú mar seo a leanas:

Príomh-shaincheisteanna	Líon na nAigh. a Fuarthas
Taifead na Struchtúr Cosanta	153
Tuí Bhaile Chuisin / Tuí Bhaile Priomhain / Cros Chill Mhóin	114
Criosú na hÚsáide Talún i mBailte / Sráidbhailte	90
Droim Eamhna	41
Dréachtphlean Forbartha Ginearálta	145
Iomlán	543

Chuir an tÚdarás Pleanála fáilte roimh an líon mór aighneachtaí agus tuairimí a fuarthas a leagann béim ar an leibhéal suntasach suime i measc an phobail i bpróiseas ceaptha an phlean.

1.1.3.4 Cur chuige maidir le Breathnú na nAighneachtaí Scríofa

Tar éis an chéad taifeadadh na n-aighneachtaí go léir, léadh gach aighneacht ar dtús chun na saincheisteanna a tháinig aníos a dháileadh ar na caibidlí / aguisíní cuí den Phlean Forbartha. Tar éis catagóiríú a dhéanamh (ilchatagóiríú go minic) ar na haighneachtaí go léir, rinneadh gach aighneacht a athléamh agus rinneadh measúnú, agus achoimriú ar na saincheisteanna do gach caibidil ar leith, agus moladh athruithe beartaithe. Ullmhaíodh mórthuarascáil ar an Dréachtphlean Forbartha, dar teideal 'Section 12 (4) Manager's Report on the Draft Development Plan Submissions' (Tuarascáil an Bhainisteora Alt 12 (4) ar Aighneachtaí an Dréachtphlean Forbartha). Breathnaíodh an tuarascáil seo le linn 7 gcruinniú ó 4 Nollag 2006, nuair a cuireadh an Tuarascáil faoi bhráid na mBall Tofa, go dtí gur cinneadh na leasuithe beartaithe a chur ar taispeáint go poiblí ar an 26 Eanáir, 2007.

I roinnt de na haighneachtaí a fuarthas, bhí saincheisteanna nach raibh bainteach leis an bPlean Forbartha, agus i roinnt cásanna, ní raibh siad bainteach le pleanáil go ginearálta nó le hoibríochtaí an údaráis áitiúil agus ní féidir pointí mar iad seo a chur i dTuarascáil an Bhainisteora.

Is féidir na haighneachtaí a roinnt in dhá chatagóir – bhain 390 leis an Dréachtphlean Forbartha Contae, an Tuarascáil Chomhshaoil agus Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha ina measc agus bhain 153 eile leis an Dréacht-taifead ar Struchtúr atá Faoi Chosaint.

Mhol Tuarascáil an Bhainisteora líon suntasach leasuithe agus bhain an ceann is suntasaí leis an Straitéis Lonnaíochta. Cuireadh leagan leasaithe den Straitéis Lonnaíochta Caibidil 2 ar taispeáint go poiblí mar leasú chun a chinntiú gur chloígh an Plean Forbartha Contae nua leis an gcreatpholasaí a sholáthraigh an Straitéis Spáis Náisiúnta agus na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

1.1.3.5 Leasuithe ar an Dréachtphlean Forbartha Contae

Cuireadh na Leasuithe Beartaithe ar an Dréachtphlean Forbartha ar taispeáint go poiblí ón Luan 29 Eanáir, 2007 go dtí an Luan, 26 Feabhra, 2007. Fuarthas 80 aighneacht scríofa le linn na tréimhse comhairliúcháin seo. Tar éis chéadtaifeadadh na n-aighneachtaí go léir, léadh gach aighneacht ar dtús chun na saincheisteanna a tháinig aníos a dháileadh ar an Leasú Beartaithe cuí a ndéantar tagairt dó. Tar éis catagóiríú a dhéanamh ar na haighneachtaí go léir, rinneadh gach aighneacht a athléamh agus rinneadh measúnú, agus achoimriú ar na saincheisteanna do gach caibidil ar leith, agus moladh athruithe beartaithe.

Bhain an mhórchuid de na haighneachtaí a fuarthas leis an Straitéis Lonnaíochta athbhreithnithe, go háirithe leis na cuspóirí beartaithe maidir le criosú na húsáide talún cónaithe agus teicnící a bhaineann le bainistíocht ar éileamh. Mhol Tuarascáil an Bhainisteora roinnt bunathruithe ar

na leasuithe beartaithe, go háirithe méadú ar na réamh-mheastacháin beartaithe daonra agus teaghlach sa Dréachtphlean Forbartha, arna leasú. Bhí gá leis na bunathruithe seo mar gheall ar ghníomhaíocht forbartha a tharla ó ullmhaíodh an Dréachtphlean.

Tar éis grinnbhreathnú agus grinndíospóireacht a dhéanamh, ghlac na Baill Tofa leis an bPlean Forbartha ag Cruinniú Speisialta ar an 2 Márta, 2007, na leasaithe beartaithe agus bunathruithe ar na leasuithe san áireamh, le roinnt bheag bunathruithe breise.

1.1.4 Formáid Phlean nua Forbartha Contae na Mí

Tá 2 Imleabhar i gceist leis an bPlean Forbartha Contae nua – Imleabhar a hAon (Cuspóirí don Chontae go Ginearálta) agus Imleabhar a Dó (Ráitis Scríofa Shonraithe agus Cuspóirí Forbartha) do thríocha lonnaithe sa Chontae.

Is é atá i gceist le hImleabhar 1 ná 10 gcaibidil aonair agus sraith aguisíní. I gcaibidilí 2 – 8 tá na seacht straitéis a fhoirmíonn an Straitéis Forbartha atáthar ag cloí leis sa Phlean Forbartha seo. Déileálann gach caibidil díobh seo le hábhair aonair maidir le pleanáil na húsáide talún agus tá ráiteas scríofa san áireamh ina soláthraítear téamaí straitéiseacha agus cuspóirí polasaí soiléire do gach ábhar pleanála, chomh maith le sraith léarscáileanna ag tacú leis an téacs. Díríonn Caibidil 9 ar Chur i bhFeidhm agus ar Mhonatóireacht an Phlean Forbartha Contae agus soláthraíonn Caibidil 10 Treoirínte & Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha. Tugann na treoirínte agus caighdeáin treoir ghinearálta d'aighneachtóirí maidir leis na critéir a bheidh in úsáid ag an Údarás Pleanála chun aighneachtaí pleanála a mheas agus treoir a thabhairt maidir le critéir a bheidh curtha i bhfeidhm le measúnú a dhéanamh ar chineálacha forbartha faoi leith. Cuirtear leo seo ar fud ar fud an Phlean le Critéir um Measúnú Forbartha a chomhlíonann roinnt cuspóirí áirithe polasaí.

San áireamh, mar aguisíní ar leith le hImleabhar I tá an Taifead nua de Struchtúir atá Faoi Chosaint agus Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha sa Chontae lena leabhair léarscáileanna faoi seach.

Tá Imleabhar II den Phlean Forbartha Contae 2001 á athúsáid ar feadh dhá bhliain eile go dtí go n-ullmhófar agus go nglacfar le Pleananna Limistéir Áitiúil aonair nó grúpáilte. Is cuspóir den Phlean Forbartha Contae nua é go ndéanfar gach Plean Limistéir Áitiúil a ullmhú agus a ghlacadh laistigh den dá bhliain tar éis ghlacadh an Phlean Contae. Maidir le Pleananna Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí, is é sin, an Tuaisceart agus an Deisceart agus Plean Limistéir Áitiúil Chill Choca, agus de réir Alt 18 (4) (B) de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000-2006, tá sé beartaithe go bhfanadh siad seo in éifeacht mar ar glacadh leo, ach amháin má leasaítear iad de réir Alt 18 (5), nó eile.

1.1.5 An Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Náisiúnta

Tá tionchar ag tuairiscí agus peirspictíochtaí suntasacha idirnáisiúnta agus náisiúnta ar phleanáil fhisiciúla in Éirinn go ginearálta agus sa Mhí go háirithe, tionchar atá ag dul i méid. Ag an leibhéal idirnáisiúnta, tá an comhdhearcaid maidir leis an ngá atá le cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe ar cheann de na gnéithe is mó a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí. Déanann an téarma “forbairt inbhuanaithe” tagairt do chomhlíonadh na riachtanas sochaíocha atá ag an nglúin seo, gan dochar a dhéanamh do chumas an chomhshaoil riachtanais na nglúin amach anseo a chothabháil. De réir pholasaí an Rialtais agus sheasamh Chomhairle Contae na Mí, beidh an prionsabal seo ina phríomhpháirt den Phlean Forbartha Contae agus a aidhmeanna.

Leanfaidh an tAontas Eorpach ar aghaidh ag dul i bhfeidhm go mór ar an gcontae trí mheán foilseachán mar Agenda 2000, Local Agenda 21, Peirspictíocht Spásforbartha na hEorpa, Treoracha éagsúla ilchineálacha de chuid an AE, srl. Léiríonn na tuarascálacha seo, in éineacht le tacaíocht airgeadais de chuid an AE chun feabhas bonneagair a chur ar iompar, ar sheirbhísí sláintíochta agus ar fhorbairt shocheacnamaíochta, chomh domhain agus a bheidh tionchar an AE ar an bPlean.

Ag an leibhéal náisiúnta, bhí tionchar suntasach ag tuarascálacha le déanaí mar an Plean Forbartha Náisiúnta agus Sustainable Development: A Strategy for Ireland ar ullmhú an phlean seo. Tugadh aghaidh chomh maith, trí fhorbairt freagraí sonracha polasaí a bhfuil cur síos orthu sna caibidilí agus rannóga sonracha aonair ar Threoirínte Sonracha Pleanála maidir le Miondíol, Teileachumarsáid, Fuinneamh In-athnuaite, Oidhreacht Tógtha, Cúram Leanaí Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe, Cairéil srl.

1.1.6 An Comhthéacs Réigiúnach

Maidir le comhthéacs réigiúnach, is ag suíomh na Mí laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Oirthir Láir atá an tionchar is mó.

Sa bhliain 1999, ullmhaíodh na Treoirínte um Pleanáil Straitéiseach (TPS) do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Oirthir Láir, ag soláthar creatlaí agus treorach maidir le treo agus ról na seacht n-údarás sa réigiún seo. Bhí baint ag Plean Forbartha Contae 2001 leis na treoirínte seo, mar ar bhain siad leis an Mhí. Nuair a rinneadh athbhreithniú ar na TPSanna sa bhliain 2003, áfach, agus nuair a glacadh leis na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2004, fuarthas amach nár sroicheadh an leibhéal d'fhás cothromúil a beartaíodh.

Bhain na príomhthreochtaí a léiríodh sa réigiún seo le ráta agus méid an fháis chónaithe agus treise méadaithe an gheilleagair.

Is é toradh glan an chomhthéacs fáis eacnamaíochta seo ná go bhfuil an Mhí suite sa réigiún is mó fás sa tír agus, dá réir sin, tá sé réasúnta glacadh leis go gcaithfidh an plean forbartha cuimhneamh ar dhaoir atá spreagtha ag fás eacnamaíochta agus glan-imirce féideartha. Tharla seo le linn shaol an phlean, agus is é an dúshlán is mó é atá ag an tír, rud a chruthaíonn idir dheiseanna is bhagairtí do chumas na tíre bheith inbhuanaithe.

Is iad seo, go ginearálta, príomhthreochtaí na Mí:

- Méadú dian agus gan choinne ar an daonra cónaithe, go háirithe an daonra atá in ann don obair;
- Mórghluaiseacht na n-inimirceach as Baile Átha Cliath déanta suas de ghairmithe óga;
- Forbairt chónaithe feadh na gcriosanna comaitéara;
- IMéadú ar leibhéil fostaíochta / rannpháirtíochta;
- Athrú ar an bpríomhchineál oibre, ó obair a bhí ag baint le tionscail áitiúla nó talmhaíocht áitiúil go hobair bunaithe ar riarachán poiblí / obair oifige / thráchtáil;
- Míchumas cruthú fostaíochta áitiúla coinneáil suas leis an bhfás cónaithe; agus
- Daonra comaitéara suntasach agus neamh-inbhuanaithe.

Ta sé ríthábhachtach go méadófar an leibhéal de chruthú fostaíochta agus go gcuirfead feabhas ar phoist na Mí go cóimheas lucht saothair má tá an Mhí le héirí níos inbhuanaithe. Tá spriocanna leagtha amach don Mhí ag na TPRanna – an cóimheas seo a mhéadú óna leibhéal reatha (2002) de 0.49 go 0.57 faoi 2011.

Thug na TPRanna isteach coincheap na “mBraislí Dinimiciúla” chomh maith. Beartaíodh go bhforbrófaí na braislí seo ar bhealach comhspleách sa dóigh is go mbeadh áiseanna agus geilleagar an iomláin níos mó ná suim na bpáirteanna aonair go léir.

Cheap na TPRanna roinnt braislí don Mhí mar seo leanas: Príomhbhraisle Dhinimiciúil: An Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas agus Dún Búinne agus Cill Dhéagláin, mar Bhraisle Dhinimiciúil Thánaisteach.

1.1.7 Impleachtaí na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath

Tá impleachtaí móra ag na Treoirínte seo, a foilsíodh i mí Iúil 2004, do na cineáil polasaithe a leagfar amach sa Phlean Forbartha seo agus todhchaí fhadtéarmach an chontae.

Go hachomair, liostaítear na príomhimpleachtaí don chontae mar seo leanas:

- Go bhfuil cumas nach beag ag an Uaimh i gcomhthéacs réigiúnach bheith ina bhaile féinchothabhálach i gCúlchríoch Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Baile Mór Fáis (i. Príomhbhaile Fáis), agus ceangailte le Limistéir uirbeacha eile le ceangail ardchaighdeáin bóthair agus, seans, iarnróid;
- Go léirítear meas sa Phlean Forbartha Contae, agus i bPleananna Limistéir Áitiúil ina dhiaidh sin agus Pleananna Limistéir Áitiúil gaolmhara, ar chéimíúlacht lonnaíochta a ceapadh don réigiún, ag soláthar do leathnú daonra agus leathnú eacnamaíochta suntasach i mbailte móra agus measartha fáis an Chontae agus laistigh dá cheantar cathrach, le moilliú comhfhreagrach sna hionaid níos lú;
- Ceangail inbhuanaithe a chur chun cinn, agus soláthar dóibh, idir Limistéir uirbeacha an Chontae agus an réigiún cathrach, go háirithe an t-iarnród go Dún Búinne (céim 2) agus ar aghaidh go dtí an Uaimh (céim 2);
- Go bhfuil méaduithe leanúnacha, gan srian, i ndaonra comaitéara an chontae neamh-inbhuanaithe agus go bhfuil an riachtanas le moilliú i bhfás an daonra sna cúlchríocha ríthábhachtach;
- Go ndéanfar gach iarracht cur chuige dearfach agus réamhghníomhach a ghlacadh i dtaobh forbairt eacnamaíochta agus na forbartha a chruthaíonn fostaíocht, ag díriú go háirithe ar bhraislí dinimiciúla an chontae;
- Go mbeidh ról suntasach áise ag na cáilíochtaí tírdhreacha, comhshaoil agus oidhreacht chultúrtha atá ag tuath na Mí i dtodhchaí Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, rud ar cheart a chosaint trí uirlisí pleanála nua a úsáid mar Mheasúnú ar Charachtar an Tírdhreacha, ceapacháin Limistéir Chaomhnaithe Tírdhreacha;
- Go gcaithfí acmhainní straitéiseacha eile a chosaint, mar shampla amhábhair talmhaíochta, talún agus tógála, le haghaidh róil straitéiseacha réigiúnacha agus náisiúnta;
- Oibriú le húdaráis thadhlaigh, mar shampla comhairlí contae Chill Dara agus Fhine Gall agus Comhairle Baile Dhroichead Átha chun forbairt inbhuanaithe a éascú i mBailte Móra Fáis agus i Limistéir uirbeacha i Réigiún Chathracha atá lonnaithe den mhórchuid laistigh dár n-údarás comharsanachta ach atá faoi thionchar fhorbairt na Mí, agus ag fáil cúnamh uaithe;
- An leibhéal céanna tacaíochta agus rannpháirtíochta a chuardach ónár n-údarás chomharsanachta le linn ceapadh agus chur i bhfeidhm ár bpolasaithe i Limistéir uirbeacha mhóra atá taobh le / ag trasnú na teorann riaracháin.

Ullmhaíodh an Plean Forbartha seo mar mheicníocht feidhmithe don straitéis mar a bhainfeadh sé le Contae na Mí agus forbraíodh réimse leathan polasaithe chun freagairt do na saincheisteanna a tháinig chun cinn.

1.1.8 TPRanna a Chomhlíonadh

Chun cloí leis an Treoir um Pleanáil Straitéiseach Náisiúnta agus Réigiúnach, caithfidh an Plean Forbartha Contae:

- Scóip straitéiseach daonra agus aonaid tithíochta a leagadh amach don tréimhse pleanála 2007 – 2013 agus atá, ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an SSN agus na TPRanna;
- Taispeáint mar ar thángthas ar ionchas forleathan an Údaráis Phleanála maidir lena straitéis lonnaithe agus iompair ón SSN agus na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath;
- Ráiteas gairid a chur san áireamh ag cur síos ar aidhmeanna ardleibhéil don Uaimh (agus Droichead Átha) mar príomhcheantair forbartha agus do Chill Déagláin, Dorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas, Cheanannas agus Bhaile Átha Troim mar cheantair aitheanta measartha forbartha chomh maith le haidhmeanna maidir leis na bailte agus sráidbhailte eile ag tacú leis an SSN agus na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, agus;
- An cur chuige straitéiseach forleathan a léiriú le léarscáileanna agus léaráidí, mar shampla trí na príomhléarscáileanna straitéiseacha a mhacasamhlú ó na TPRanna do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

I leagan amach cuspóirí sonracha, bhí Comhairle Contae na Mí ar a dícheall le comhsheasmhacht den uasmhéid a bhaint amach idir cuspóirí agus polasaithe na TPRanna agus cuspóirí agus polasaithe an Phlean nua Forbartha Contae. Caithfidh Comhairle Contae na Mí taispeáint conas a thugann sí aird ar na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath sa phróiseas seo. Mar sin, bainfidh na príomhcheisteanna a thagann aníos, mar atá luaite sa Phlean Forbartha Contae reatha, le:

- Leithdháileadh an sciar is mó den fhás daonra réamhaisnéisithe sa chontae go príomhúil ar an Uaimh, ar chomharsanacht Dhroichead Átha agus ar Dorchla Dhún Búinne – Chluain Aodha – Luas. Tá ról ag na Bailte Measartha Fáis – Cill Dhéagláin, Baile Átha Troim, Ceanannas agus comharsanacht Chill Choca – chomh maith i bhfreastal ar sciar d'fhás cónaithe a fuarthas go réigiúnach i gContae na Mí;
- Srianadh maidir le síneadh breise na mbailte in oirdheisceart na Mí – Ráth Tó, Cnoc an Linsigh, Maigh Dearmhaí agus An Bóthar Buí, agus cósta an Chontae, atá ag leathnú go príomhúil mar bhailte dortúir;
- Caomnú na tuaithe, agus;
- Creatlach de riachtanais chúí bhonneagair le béim faoi leith ar iompar poiblí.

Chun éifeacht a thabhairt don SSN agus na TPRanna, caithfidh an Plean nua Forbartha Contae féachaint leis na cuspóirí agus na polasaithe seo a leanas a bhaint amach maidir leis an gCúlchríoch, a chlúdaíonn an mhórchuid den Chontae agus den Cheantar Cathrach, ina bhfuil Dorchla Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas agus comharsanacht Chill Choca agus Maigh Nuad agus roinnt Limistéar mór agus measartha mór fáis. Is cosúil go mbeidh na polasaithe agus cuspóirí seo a leanas fóirhábachtach don straitéis beartaithe sa Phlean nua Forbartha Contae;

- Ba cheart go mbeidh forbairt agus fás na Limistéar uirbeach uile a roghnóidh srianta go ginearálta an méid agus is féidir, sa dóigh is go bhfeidhmíonn siad mar phointí fócasacha d'fhorbairt a Limistéar tuaithe;
- Ba cheart go ndéanfaí aon fhorbairt ar bhailte agus ar shráidbhailte beaga fáis ar bhealach níos inbhuanaithe, chun a chinntiú go mbeidh méid níos mó de chónaitheoirí na mbailte agus sráidbhailte fostaithe go háitiúil, agus;
- Ba cheart go dtabharfaí sainmhíniú soiléir ar theorainn na Limistéar uirbeach chun a chinntiú go mbeidh deighilt fheiceálach idir ceantair thuaithe agus uirbeacha.

Is é cuspóir na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ná cuspóir an Rialtais maidir le cabhrú le soláthar scéim tithíochta inacmhainne a éascú, trí úsáid na dtailte atá ceangailte leis an iar-aerpháirc ag Baile Mhic Gormáin. Féachfaidh an Chomhairle le cuspóir seo an Rialtais a éascú. Tá aon fhorbairt ag an suíomh seo ag brath ar réiteach saincheisteanna ag baint le soláthar tithíochta inacmhainne agus easnaimh atá ann sa bhonneagar seirbhísí uisce.

Chuirge seo, leanfaidh Comhairle Contae na Mí le himscrúduithe i soláthar áis chóireála fuíolluisce fhoréigiúnach agus sruth éalaithe go dtí Muir Éireann i gcomharsanacht Bhaile Mhic Gormáin. Laghdóidh soláthar na háise fóréigiúnaí seo tuilleamaí Chomhairle Contae na Mí ar Údarásí thadhlaigh le haghaidh soláthar bonneagair fhisicigh atá riachtanach. Maidir leis na Limistéir uirbeacha ar an gcósta Thoir, dhéanfaí iad a atreorú go háis fhoréigiúnach ag Baile Mhic Gormáin, ag soláthar réitigh eile agus mar sin ag scaoileadh go leor acmhainne do Dhroichead Átha. Dhéanfaidh soláthar na monarchna seo gach ceann de na limistéir a éascú chun forbairt ar aon dul le cuspóirí na TPRanna, Straitéis Pleanála Mhórcheantair Dhroichead Átha agus leis an bPlean Forbartha Contae.

Sa chás go bhforbrófaí an tiar-aerpháirc chun fíorú an chuspóra seo a éascú, is féidir go dtiocfaidh an riachtanas maidir le hullmhúchán Phlean Limistéir Áitiúil ina dhiaidh sin do na tailte seo agus do thailte mórthimpeall i gcrích.

I ngach cás, beidh Comhairle Contae na Mí ag cuardach chur chun cinn an dearaidh uirbigh ardchaighdeán a chothromaíonn baint amach de dhlús le soláthar seirbhísí de chaighdeán ard, bainistíocht ar shábháilteacht an phobail agus soláthar rochtana ardchaighdeán agus gréasáin thréscailteacha.

Ba cheart go mbeidh forbairt i ngach cás inbhuanaithe. Ba cheart go dtabharfaí aird ar infhaighteacht bonneagair iompair phoiblí, an phróifíl shocheacnamaíochta, ar chruthú na leibhéal cuí agus inbhuanaithe d'fhostaíocht agus de ghníomhaíochtaí tráchtála i gcomhréir le forbairt chónaithe laistigh de gach limistéar agus cosaint na cúlchríche tuaithe agus criosanna glasa.

1.1.9 Cur Chuige um Pleanáil Straitéiseach

Ní beag an dúshlán atá i ndán do Chontae na Mí. Faoi láthair tá an eanáil chónaithe ag fás gan fasach, gan a mhacasamhail ina aon chontae eile, fiú i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ná i limistéar an Oirthir Láir. Ní raibh mórán fáis inár n-earnálacha fostaíochta agus eacnamaíochta, ámh, agus iad faoi bhun na leibhéal fáis ar an daonra cónaithe. Chuireamar tithe ar fáil do mhuintir an chontae, agus do shlua mór eile a lonnigh sa chontae, ach ní rabhtas in ann a leithéid a dhéanamh ó thaobh an leibhéal fostaíochta, na gconláistí, na seirbhísí agus an bhonneagair fhisicigh is gá chun tacú le daonra chomh mór.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, is é seo a leanas an Físráiteas do phleanáil inbhuanaithe agus d'fhorbairt an chontae a fhoirmeoidh bunús an Phlean Forbartha;

Pleanáil le haghaidh forbairt inbhuanaithe Chontae na Mí agus tacú leis mar áit den chéad scoth infheistiú ann, le cuairt a thabhairt uirthi agus cónaí ann, a bhfuil clú agus cáil bainte amach aici toisc caighdeán áilleachta an cheantair agus toisc na timpeallachta tógtha, an chultúir agus imharnthanacht a phobail.

Agus an 'físráiteas' forleathan leagtha amach, is é an chéad chéim eile ná na mionpholasaithe agus cuspóirí a dhíorthú chun 'físráiteas' forleathan an Phlean a bhaint amach. Rinneadh seo faoi threoir thacair Téamaí Straitéiseacha, atá mar pháirt riachtanach den smaoineamh atá mar bhonn leis an bPlean seo.

Tá na Téamaí Straitéiseacha leagtha amach thíos agus tá siad curtha i láthair faoi cheannteidil phríomhchaibidilí an phlean.

1.1.9.1

Straitéis Lonnaíochta

- Leagadh amach forbairt de struchtúr soiléir bunaithe ar mhéid agus feidhmiúchán go soiléir don chontae ar fad agus forbraítear an gaol feidhmeach eatarthu le linn shaol an Phlean seo agus ina dhiaidh.
- Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Lonnaíochta fás daonra a shuíomh agus forbairt a threorú ar bhealach a bheadh ag teacht le prionsabail na SSN agus na TPRanna. Áiríonn sé seo:
 - Cur chun cinn agus treorú na forbartha ar an gcéad dul síos san Uaimh, i gcomharsanacht Dhroichead Átha agus i nDorchla Iarnróid Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas atá ar na trí limistéar shainithe is mó ina bhfuil fás sa chontae. Sainithnítear na hionaid seo chun glacadh le formhór sciar an Chontae i bhfás réigiúnach as seo amach agus leanfaidh ag freastal ar leibhéal suntasach inimirceach.
 - Leanfar le forbairt leanúnach Chill Déagláin ar bhunús inbhuanaithe chomh maith le forbairt ar chomharsanacht Chill Choca agus Mhaigh Nuad, atá lonnaithe i bPríomhbhaisle Dhinimiciúil i limistéar Cathrach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Beidh forbairt leanúnach Cheanannais agus Bhaile Átha Troim i gcothromaíocht le caomhnú bhuntréithe na mBailte Oidhreacht seo a d'fhéadfaidh teorainn a chur le méid agus scála na forbartha ar féidir leis na hionaid seo glacadh leo.
 - D'ainmnigh an Plean Forbartha Dún Seachlainn mar Bhaile Measarta Mór Fáis sa Straitéis Lonnaíochta agus go dtí go n-aithnítear an t-ainmniú seo in athbhreithniú na dTreoirínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, déanfaidh an tÚdarás Pleanála féachaint arís ar chandam agus méid lucht tí cónaithe breise atá leithdhailte ar Dhún Seachlainn.
 - Beidh forbairt na mBailte Beaga Fáis, na bPríomh-Shráidbhailte agus na Sráidbhailte ceangailte níos cóngaraí le fás a díorthaíodh go háitiúil seachas le fás cónaithe a díorthaíodh go réigiúnach;
 - Tabhairt isteach teicnící um bainistíocht ar éileamh i dtailte atá criosaithe cheana féin le haghaidh tithe cónaithe chun a chinntiú go mbeidh na réamh-mheastacháin tithe cónaithe agus daonra ag teacht le scála agus méid na forbartha cónaithe i ngach ceann de lonnaíochtaí an Chontae, agus;
 - A chinntiú le caitheamh ama go n-éiríonn forbairt bhailte agus shráidbhailte ár gcontae níos féin-inbhuanaithe ó thaobh níos mó daoine a bheith fostaíthe go háitiúil de.

1.1.9.2

Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíochta

- Cur le hiomaíochas agus le háilleacht Chontae na Mí ionas go mbeidh sé ar cheann de na príomháiteanna sa tír ina ndéanfar infheistiú atá cruthaithe ag eacnamaíocht agus fostaíocht dhúchasach agus eachtrach araon;
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar dóthain talún d'úsáidí fostaíochta, lena n-áirítear láithreáin atá oiriúnach dóibh seo a leanas: tionscail, frontair, oifigí, miondíol agus úsáidí gnóthaí beaga eile le haird ar leith ar phleanáil spáis, ar bhonneagar, ar riachtanais chomhshaoil agus iompair agus ar chomhoiriúnacht le húsáidí tadhlaacha;
- Ról an chontae a dhaingniú mar áit le haghaidh fás eacnamaíochta i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus chun a chinntiú go ndéantar na sochair fostaíochta a chothromú ar fud an chontae uile;

- Éascú agus spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt na mbraislí dinimiciúla, ar bhealach a chuideodh le cruthú na maise criticiúla, ó thaobh an daonra chónaithe agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta de, ar leor iad chun an fairsingiú atá beartaithe a dhéanamh ar an earnáil eacnamaíochta sna hionaid sin a chothú;
- Forbairt eacnamaíochta agus fostaíochta de gach cineál a spreagadh ar fud an chontae, go háirithe sna braislí dinimiciúla atá ainmnithe, ar scála agus ar bhealach atá oiriúnach don suíomh roghnaithe agus faoi réir na ngnáthchoinníollacha pleanála, agus de réir na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe cuí don limistéar sin;
- Contae na Mí a chur chun cinn go réamhghníomhach mar shampla d'áit le hinfheistiú inti agus deiseanna eacnamaíochta agus forbartha cuí a spreagadh laistigh de pharaiméadair Phlean Forbartha Chontae na Mí;
- Straitéis Spáis Théamach a ullmhú don fhorbairt thionsclaíoch agus d'fhiontair thionsclaíocha a shaináithneodh agus a thacódh le réimsí forbartha áit a bhféadfaí leas a bhaint as braislí suntasacha cumhachta, bóithre, uisce agus gáis sa chaoi is go mbeadh tábhacht náisiúnta ag baint leo ó thaobh a bheith ag freastal ar fhostaíocht ar scála mór le breisluach ach fós féin ag seachaint na gcoibhneachtaí comhshaoil agus pleanála a d'fhéadfadh tarlú;
- Uasleas a bhaint as deiseanna san earnáil mhiondíola, ach fós féin an comhshaoil a chosaint i lár na mbailte reatha agus seanbhunaithe, maille leis an gcéimíúlacht miondíola sa chontae, agus;
- Forbairt na hearnála turasóireachta a chothú, a spreagadh agus a éascú trí mheáin inbhuanaithe, lena n-áirítear caomhnú, cosaint agus feabhsú na hoidhreacht tógtha agus nádúrtha, cosaint na tírdhreach íogair agus na gcomhshaoil cultúrtha agus pobail d'fhonn uasleas a bhaint as sochair eacnamaíochta a bheadh le baint as tionscail.

1.1.9.3 Straitéis Bhonneagair

- Cothú agus éascú a dhéanamh ar sholáthar an bhonneagair is gá chun freastal go hiomlán ar an éileamh don fhorbairt agus do mhéadú an daonra amach anseo ar bhealach atá inbhuanaithe don chomhshaoil;
- Easnaimh bhonneagair a réiteach, nuair is féidir, ag díriú ar bhaint amach na Céimíúlachta Lonnaíochta agus na Straitéise um Fhorbairt Eacnamaíochta;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar bhearta um úsáid talún a éascaíonn éifeachtacht iompair, torthaí eacnamaíochta ar infheistiú iompair, íoslághdú an tionchair ar an gcomhshaoil agus aistriú ginearálta chuig úsáid córais iompair phoiblí ar fud an chontae. Bainfeadh seo amach freisin ach fostaíocht d'ardchaighdeán agus forbairt cónaithe a lonnú cóngarach dá chéile, agus ar an gcaoi sin laghdú a dhéanamh ar na ngá le taisteal & bheith ag brath ar an ngluaisteán príobháideach agus forbairt agus feabhas breise a chur ar infhaighteacht agus ar mhealltacht an iompair phoiblí;

- Dlúis chónaithe níos airde a chur chun cinn laistigh d'íonaid fáis shainitheanta de réir mar a éascaíonn Treoirínte Dlúis le haghaidh Údaráis Phleanála an RCORA, d'fhonn tacú le seirbhísí iompair phoiblí inmharthana;
- Na tionscadail um sholáthar uisce agus um bonneagar cóireála le haghaidh fuíolluisce a chur ar aghaidh, de réir mar atá luaite sa Mheasúnú ar Riachtanais Seirbhísí Uisce d'fhonn freastal ar na leibhéil fáis atá beartaithe don Chontae agus chun a chinntiú go gcuirtear na tionscadail is gá san áireamh sa Chlár um Infheistiú Seirbhísí Uisce atá beartaithe amach anseo;
- Na tionscnaimh um sholáthar uisce, fuíolluisce agus bainistíocht dramhaíola a dhaingniú chun freastal ar fhás inbhuanaithe eacnamaíochta agus cónaithe an Chontae, agus más gá, é a dhéanamh i gcomhar leis an RCORA agus le hÚdaráis Áitiúla thadhla;
- Spleáchas Chomhairle Contae na Mí ar bhonneagar fuíolluisce & cóireála uisce na nÚdarás Áitiúil Tadhla a laghdú chun freastal ar na riachtanais forbartha réamh-mheasta d'íonaid uirbeacha Dhroichead Átha, Oirthear na Mí agus Thoghcheantar Dhún Seachlainn;
- Straitéis Spáis Théamach a ullmhú a ainmneoidh agus a chosnóidh bealaí le haghaidh mórbhonneagar ríthábhachtach sa Chontae amhail cumhacht, iarnróid, bóithre, uisce agus dramhaíl, agus;
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar fhoinseí fuinnimh in-athnuaite i suíomhanna oiriúnacha, d'fhonn soláthar d'fhorbairt bhreise fhisiceach agus eacnamaíochta na Mí.

1.1.9.4 Straitéis Tithíochta

- Éascú a dhéanamh ar sholáthar dóthain talún criosaithe de réir Straitéis Lonnaíochta an Phlean chun freastal ar an daonra ag dul i méid agus ar riachtanais teaghlaigh a bhíonn ag athrú lena n-áirítear tithíocht inacmhainne;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar pholasaithe tithíochta atá cuimsitheach go sóisialta agus a chuireann riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas san áireamh;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhshaoil mhaireachtála ar ardchaighdeán chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha ag an daonra cónaithe;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí atá comhoiriúnach le forbairt tithíochta agus a bhfuil gá leo do phobail inbhuanaithe agus cothromaithe;
- Spreagadh gníomhach a dhéanamh ar rannpháirtíocht san earnáil tithíochta trí shocruithe comhpháirtíochta agus soláthar bonneagair agus talamh le seirbhísí le haghaidh tithíocht shóisialta agus phríobháideach, nuair is féidir.
- Seo a leanas na príomhthátail ón Straitéis Tithíochta:
 - Is é 210,00 duine faoin mbliain 2013 an réamh-mheastachán daonra sa Phlean Forbartha;
 - Tógfar 29,508 aonad tithíochta breise i limistéar na Mí ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013;

- Tá níos mó ná dóthain acmhainne ann le haghaidh talamh criosaithe le seirbhísí (nó a bhfuil sé beartaithe seirbhísí a bheith ar fáil ann) do thithíocht chun freastal ar an éileamh foriomlán tithíochta don tréimhse seo. Féadfaidh gá a bheith le tailte breise a aithint i gcomharsanacht Dhorchla Dhroichead Átha / Chluain Aodha / Luas, Chill Dhéagláin, an Bhóthair Bhuí agus b'fhéidir Bhaile Íomhair chun soláthar do dhóthain spás breise de 50%;
- Beidh deacrachtaí le hinacmhainneacht ag 27.8% de na daoine uile a fhéachann le maoin a cheannach sa Chontae le linn thréimhse an Phlean Forbartha Contae. Ba chóir uasriachtanas 20% de gach aonad tithíochta a sholáthar chun freastal ar na riachtanais shóisialta agus inacmhainneachta;
- Tá an t-éileamh is mó le haghaidh tithíocht shóisialta sna háiteanna seo a leanas: An Uaimh, Baile Átha Troim, Ceanannas, Cill Dhéagláin, Áth Buí, Baile an Bhiataigh, Dún Búinne, An Inse, An Seanchaisléan agus Dún Seachlainn. Déanann an Straitéis Tithíochta roghanna a shrianadh le go gcomhlíonfaidís Cuid V de na hoibleagáidí sna hionaid seo;
- Riachtanas go mbeadh 20% de na haonaid i bhforbairtí cónaithe incháilithe nua ina n-aonaid shóisialta / inacmhainne le scála comhghluaisteach i bhfeidhm idir 3% sóisialta / 17% inacmhainne agus 10% sóisialta / 10% inacmhainne le haird ar na dlúis reatha de thithíocht shóisialta agus an t-éileamh atá ann / an t-éileamh amach anseo le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne in ionaid uirbeacha éagsúla, agus;
- Tá na fhéidearthacht ann go soláthródh sé seo 1,100 aonad tithíochta sóisialta breise don Údarás Áitiúil agus 4,000 aonad tithíochta inacmhainne breise ar fud an Chontae.

1.1.9.5 Forbairt Tuaithe

- Forbairt inbhuanaithe leanúnach a spreagadh i bpobail tuaithe gan comhghéilleadh a dhéanamh ar acmhainní fisiceacha, comhshaoil, nádúrtha agus oidhreacht an Chontae;
- Tacú agus cothú a dhéanamh ar fhorbairt shóisialta inbhuanaithe agus eacnamaíochta na limistéar tuaithe ag díriú go háirithe ar na limistéir sin atá go mór faoi mhíbhuntáiste;
- Daingniú a dhéanamh ar bheogacht agus ar thodhchaí na mbailte, na sráidbhailte agus na ngráigeanna beaga tuaithe agus a chinntiú go bhfuil caidreamh feidhmeach idir tithíocht agus an limistéar tuaithe ina bhfuil an tithíocht sin lonnaithe;
- Earnáil bheoga shláintiúil talmhaíochta a chothú bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus fós féin am a fháil fostaíocht mhalartach a fháil sna limistéir tuaithe nó cóngarach dóibh chun na pobail tuaithe a chothú;
- Foraoiseacht a fhorbairt ar scála agus ar bhealach a chuireann le folláine eacnamaíochta agus shóisialta an Chontae ar bhonn inbhuanaithe agus atá ag teacht le caomhnú an chomhshaoil;
- A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní comhiomlána ann chun freastal ar riachtanais an Chontae amach anseo;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais tithíochta tuaithe i limistéir ina dtagann siad chun cinn, faoi réir dea-chleachtais a shásamh maidir le lonnú suímh, draenáil, riachtanais deartha agus go dtarlódh riachtanais tithíochta tuaithe atá ginte go huirbeach i limistéir faoi fhoirgnimh nó ar thalamh a roghnaítear trí mheán phróiseas an phlean forbartha;

- A chinntiú go sásaíonn forbairtí tithíochta aonair na riachtanais tithíochta do dhaoine atá ina gcuid bhunúsach den phobal tuaithe ina bhfuil na forbairtí beartaithe, faoi réir chomhlíonadh na ngnáthchritéar pleanála. Beidh aird ag measúnú ar thograí um fhorbairtí tuaithe aonair ar pholasaithe agus ar chuspóirí eile sa Phlean Forbartha seo, agus go háirithe ar Rannóg 8.3.3, Ionad Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne, agus;
- Buaine agus forbairt na nGaeltachtaí a chinntiú mar limistéar teangeolaíochta agus cultúrtha ar leith den tír.

1.1.9.6 Straitéis Shóisialta

- Soláthar d'fholláine chónaitheoirí an chontae amach anseo ach a chinntiú go soláthraítear na seirbhísí agus na háiseanna is gá;
- Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do shochaí a fhorbairt bunaithe ar chomhionannas, ar chuimsitheacht agus ar rannpháirtíocht do chách, le ceart ag an uile dhuine a saol a chaitheamh i gcomhshaoil tíriúil slán sábháilte le rochtain ar na seirbhísí agus na háiseanna is gá chun a n-uailmhianta agus barr a gcumais a bhaint amach;
- Fabraic na mbailte agus na sráidbhailte a dhaingniú ach cothú a dhéanamh ar sholáthar leordhóthain ar sheirbhísí agus ar áiseanna d'ardchaighdeán, atá oiriúnach maidir le haois agus inrochtana do gach aoisghrúpa agus earnáil sna suíomhanna is oiriúnaí i gcomhpháirt le gach foras agus grúpa cuí;
- Tacú le soláthar agus le dáileadh cothrom raon áiseanna bonneagair shóisialta chun freastal ar riachtanais dhaonra an Chontae i gcomhar le grúpaí reachtúla, deonacha agus pobail eile;
- A chinntiú, nuair is indéanta, go ndéantar áiseanna pobail, áineasa agus spáis oscailte a bhraisiú, le háiseanna pobail suite in ionaid áitiúla nó cónasctha le háiseanna scoile, de réir mar is cuí. Ba chóir áiseanna Pobail a bheith suite cóngarach do thithíocht nó de shiúl na gcos ón tithíocht sin, agus a bheith inrochtana do gach cuid den phobal agus éascú a dhéanamh ar fheidhmeanna ilúsáide trí mheán a ndeartha agus a leagain amach, agus;
- A éileamh mar chuid de na forbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus i bhforbairtí atá ann cheana féin, nuair is iomchuí, go ndéantar soláthar d'áiseanna lena n-áirítear siopaí áitiúla / comharsanachta, áiseanna cúraim leanaí, scoileanna agus áiseanna áineasa, agus féachaint lena soláthar a bheith comhthráthach le forbairt.

1.1.9.7 Straitéis Chultúrtha, Oidhreacht & Chaomhnú an Tírdhreacha

- Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe leanúnach na bpobal tuaithe gan dochar a dhéanamh d'acmhainní fisiceacha, comhshaoil, nádúrtha agus oidhreacht an Chontae;
- Bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú; lena n-áirítear fiadhúlra (flora & fauna), gnáthóga, tírdhreacha agus / nó gnéithe tírdhreacha a bhfuil tábhacht fiadhúlra ag baint leo;
- Foirgnimh, limistéir, struchtúir, suíomhanna agus gnéithe a bhfuil spéis speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíne, chultúrtha, eolaíochta, shóisialta nó theicniúil ag baint leo a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú;

- A chinntiú go ndéantar cosaint ar ghnéithe d'oidhreacht nádúrtha na Mí, go gcaomhnaítear bithéagsúlacht agus nuair is féidir, go gcosnaítear sruthchúrsaí ó éilliú, go ndéantar cothabháil ar thírdhreacha agus go ndéantar iad a shaibhriú, agus go n-éascaítear turasóireacht agus úsáidí áineasa ar bhealach íogair;
- Cothú a dhéanamh ar an tuiscint atá ann faoi láthair ar thírdhreach Chontae na Mí maidir lena charachtar dúchasach ar leith agus a aithint cad iad na tréithe ba chóir a bhuanú, a chaomhnú nó a bhreisiú, agus;
- Cur chuige aontaithe maidir le pleanáil agus bainistíocht tírdhreacha a chothú, ag nascadh polasaithe agus cuspóirí maidir le caomhnú charachtair tírdhreacha ar leith an chontae le gach polasaí agus cuspóir pleanála iomchuí ar fud an Phlean.

1.1.10 Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil

Is é atá i Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil (SCE) ná meastóireacht fhoirmiúil chórasach ar na tionchair shuntasacha is cosúil a bheidh ag cur i bhfeidhm an phlean nó an chlár sula ndéantar cinneadh an plean nó an clár a ghlacadh. An cuspóir atá leis ná "soláthar do leibhéal ard cosanta comhshaoil agus cur le comhtháthú na dtosca comhshaoil le hullmhú na bpleananna agus na gclár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chothú."

Beidh an Plean Forbartha, agus aon leasuithe a dhéantar air, faoi réir Measúnaithe Straitéisí Comhshaoil, de réir Treoirínte MSC na RCORA. Rinne an Tuarascáil Chomhshaoil profú ar pholasaithe agus ar chuspóirí straitéiseacha i gcomparáid le 'cuspóirí straitéiseacha comhshaoil', ag leagan amach na dtionchar comhshaoil féideartha ar pholasaithe agus ar chuspóirí an Phlean dá ndéanfaí iad a chur i bhfeidhm

Ní dhearnadh an Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil ar an bPlean Forbartha ach i leith cinntí atá fós le déanamh. Sa mhéid go bhfuil gá ag an bPlean cloí le pleananna agus le cláir náisiúnta agus réigiúnacha, níl cinntí a dhéantar ag an leibhéal níos airde seo agus a chomhshnaidhmtear leis an bplean contae faoi réir SCE (mar atá i Rannóg 3.14, Treoirínte SCE na RCORA).

Ullmhaíodh an Ráiteas Comhshaoil chun gabháil leis an bPlean Forbartha.

